## Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana?

# Ceacht 5



## A aithint go ndíríonn meáin chumarsáide ar ghrúpaí éagsúla daoine (luchtanna éisteachta agus féachana éagsúla) agus na teachtaireachtaí atá faoi cheilt agus an fhógraíocht a bhíonn in úsáid sna meáin a aithint

**Cuspóir Foghlama**

Ba chóir go mbeadh na leanaí in ann a aithint go ndíríonn meáin chumarsáide ar ghrúpaí éagsúla daoine (luchtanna éisteachta agus féachana éagsúla) agus na teachtaireachtaí atá faoi cheilt agus an fhógraíocht a bhíonn in úsáid sna meáin a aithint

**Toradh Foghlama**

Breathnaigh ar an gcaoi a bhféadfadh táirgí éagsúla a bheith tarraingteach don lucht éisteachta agus féachana céanna.

Tuiscint a fháil ar cad is fógraíocht faoi cheilt ann agus gur féidir le fógraíocht a bheith níos follasaí nó níos mó faoi cheilt.

**Nótaí an Mhúinteora**

Bíonn táirgí éagsúla dírithe ar ghrúpaí éagsúla daoine nó luchtanna éisteachta agus féachana éagsúla bunaithe ar aois, ar chúlra, ar inscne agus ar spéiseanna. Beidh tionchar éagsúil ag an táirge meáin céanna ar dhaoine éagsúla.

Tá a lán meáin mórthimpeall orainn, agus tá a lán fógraíochta mórthimpeall freisin, ach ní gá go mbeadh gach fógraíocht íoctha ina fógraíocht fhollasach.

**Acmhainní**

- Gníomhaíocht 5.1
- Gníomhaíocht 5.2
- An ghníomhaíocht idirghníomhach *Aimsigh an Táirge*

**Modheolaíocht**

- Caint agus plé – Níos Follasaí nó Gan a Bheith Chomh Follasach
- Foghlaim ghníomhach – Cluiche Húlahúp
- Comharfhoghlaim – Fógraíocht faoi Cheilt
- Scileanna trí mheán an ábhair – Fógraíocht d'Earraí Bia: Níos Follasaí nó Gan a Bheith Chomh Follasach

# Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana?
# Ceacht 5





## Cur Chuige

**Céim 1: Cluiche Húlahúp**

- Cuir cúig húlahúp ar an urlár.
- Abair leis na leanaí go seasfaidh gach húlahúp do bhréagán éagsúil – rothar, camán, grúpa ainmhithe ón zú, bloic thógála, cistin bhréige.
- Iarr ar na leanaí dul chuig an húlahúp a léiríonn an bréagán is ansa leosan.
- Iarr ar na leanaí a mhíniú cén fáth ar roghnaigh siad an bréagán sin.
- Tar éis do na leanaí a rogha bréagán a dhéanamh is féidir leo filleadh ar a n-áit.
- Cuir na húlahúpanna ag luí os cionn a chéile, mar atá léirithe i nGníomhaíocht 5.1.
- Mínigh dóibh uaireanta gur maith linn dhá bhréagán chomh maith céanna. Mínigh dóibh gurb dó sin a sheasann na húlahúpanna atá suite os cionn a chéile - nuair a thaitníonn dhá bhréagán linn ag an am céanna.
- Tabhair an deis do na leanaí a rogha bréagán a ainmniú agus seasamh sa húlahúp comhfhreagrach nó sna húlahúpanna comhfhreagracha.
- Iarr ar na leanaí a rá amach cén bréagán nó cad iad na bréagáin a roghnaigh siad.
- Tar éis do na leanaí an bréagán sin a roghnú is féidir leo filleadh ar a n-áit.
- Mínigh dóibh gur maith le leanaí éagsúla cineálacha éagsúla bréagán.
- Mínigh dóibh gur mhian le cuideachtaí fógraíochta, agus fógraí á ndearadh acu, go mbeadh na bréagáin chomh tarraingteach agus is féidir don méid is mó daoine.
- Cruthaíonn siad fógraí a thaitneodh leis an líon is mó buachaillí agus cailíní ó gach aoisghrúpa agus iad ag súil go gceannóidh níos mó daoine na bréagáin sin.

**Céim 2: Fógraí d'Earraí Bia**

- Mínigh do na leanaí go bhfuil a lán fógraí ann le haghaidh bia – ar an teilifís, ar an raidió, ar líne, in irisleabhair agus in áiteanna eile nach iad.
- Iarr ar na leanaí an féidir leo aon earraí bia a ainmniú atá feicthe acu i bhfógraí.
- Fiafraigh de na leanaí ar cheannaigh siad bia riamh toisc go bhfaca siad é fógartha.
- Mínigh do na leanaí go dteastaíonn ó chuideachtaí bia go gceannóidh a mhéid daoine agus is féidir a n-earraí bia.
- Rinne na cuideachtaí fógraíocht sa chaoi is go dteastódh a n-earra bia le daoine de gach aois.
- I nGníomhaíocht 5.1 is féidir leis na leanaí cinneadh a dhéanamh cé is dócha a cheannódh na hearraí éagsúla bia atá liostáilte ann. Léiríonn na ciorcail éagsúla aoisghrúpaí éagsúla, naíonáin (0–2 bhliain d'aois), 3–5 bliana d'aois, 6–10 mbliana d'aois, 11–14 bliana d'aois, 15 bliana d'aois agus níos sine.
- Bain leas as Gníomhaíocht 5.1 agus iarr ar na leanaí breathnú ar an liosta d'earraí bia agus a chinneadh cén aoisghrúpa ar dócha go ndéanfadh cuideachtaí díriú orthu dá mbeidís chun fógraíocht a dhéanamh ar an táirge sin, i bhfianaise go bhféadfadh roinnt cuideachtaí fógraíocht a dhéanamh dírithe ar níos mó ná aoisghrúpa amháin. Is féidir leo úsáid a bhaint as na ciorcail thrasnasctha chun é sin a léiriú.
- Is féidir leo na hearraí seo a leanas a úsáid mar shampla sa ghníomhaíocht: Coco Pops, Múslaí, Arán Donn, Brioscóga do Naíonáin, Cístí Ríse, Cipíní Aráin, Cáis Brie, Bainne, Calóga Arbhair, Ispíní, Arán Lánchruithneachta, Arán Piota, Iógart agus Barraí Seacláide
- D'fhéadfá cur leis an liosta agus an deis a thabhairt do na leanaí a gcinneadh féin a dhéanamh cén ghrúpa is dóigh leo a ndéanfadh fógróirí a bhfógraíocht a dhíriú orthu.
- Tar éis dóibh an ghníomhaíocht a chur i gcrích iarr ar na leanaí a gcuid oibre a roinnt leis an gcuid eile den rang agus a mhíniú cén fáth ar chuir siad na hearraí bia sin sna haoisghrúpaí éagsúla.




**Gníomhaíocht 5.1**


# Ceacht 5



## Cur Chuige ar lean

**Céim 3: Fógraíocht faoi Cheilt**


- Fiafraigh de na leanaí cad iad na scannáin ar bhreathnaigh siad orthu le déanaí?
- An bhfaca siad aon táirge a d'aithin siad ó na scannáin? B'fhéidir go raibh an réalta scannáin sin ag ól deoch bhog, nó ag úsáid fóin nó ríomhaire glúine ar leith.
- Mínigh do na leanaí go bhfuil a lán táirgí a ndéantar fógraíocht orthu le linn scannáin, sa scannán féin, nó i gcláir theilifíse nó ag imeachtaí spóirt. Tugtar fógraíocht faoi cheilt nó neamhfhollasach air sin.
- Mínigh dóibh go bhfeadfaidh cuideachtaí íoc chun go dtaispeánfaí a dtáirgí i scannán nó ar an teilifís. Tugtar 'suíomh táirgí' air seo.
- Inis do na leanaí gur féidir leis a bheith an-chumhachtach i bhfógra má úsáidtear duine cáiliúil agus deoch áirithe á ól acu nó fón ar leith á úsáid acu chun go mbeadh níos mó éilimh ar an táirge sin. Tugtar ambasadóir cáiliúil air seo. Íoctar a lán airgid le daoine cáiliúla as a bheith ina n-ambasadóirí cáiliúla.
- Bain úsáid as an ngníomhaíocht idirghníomhach *Aimsigh an Táirge* chun íomhanna as scannáin nó as cláir theilifíse a thaispeáint dóibh agus iarr orthu an táirge a bhfuil fógraíocht á dhéanamh air a aimsiú:
  - Mall Cop (Coca Cola)
  - James Bond (Viao Computers)
  - Elf (Coca Cola)
  - Smurf Happens (MandMs)
  - Transformers (Burger King);
  - Mario Kart (Merc)
  - Unchartered III (Subway)
  - Modern Family (Apple Macs)
  - Galway GAA (Supermacs)
  - Irish football team (Three)
  - Zool (Chupa Chups)
  - Olympics (Electric Ireland)
  - Scannán Lego




**Ghníomhaíocht Idirghníomhach**

**Céim 4: Níos Follasaí nó Gan a Bheith Chomh Follasach**

- Inis do na leanaí go bhfuil a lán táirgí a ndéantar fógraíocht orthu i scannáin, i gcláir theilifíse nó ag imeachtaí spóirt agus tá roinnt de na fógraí sin thar a bheith follasach, is é sin le rá go bhfuil sé an-éasca iad a fheiceáil agus a thuiscint gur fógraíocht atá i gceist. Tá fógraí eile nach bhfuil chomh follasach céanna, mar shampla deoch áirithe á ól ag aisteoir le linn scannáin.
- Mínigh dóibh go gcaithfear súil ghéar a choinneáil amach chun tairgí a aithint i scannán nó i gclár teilifíse a bhfuil fógraíocht á dhéanamh orthu.
- I nGníomhaíocht 5.2 iarr ar na leanaí a thabhairt faoi deara cá mhéad táirgí a d'fhéadfaí a shuíomh sa radharc áirithe seo ó chlár teilifíse.
- Iarr ar na leanaí cad iad na fógraí a d'fhéadfaidís a chur:
  - i lámh an aisteora
  - ar thaobh bus
  - ar phóstaer ar na mballa
  - ar na héadaí atá á gcaitheamh ag an aisteoir
  - ar an nuachtán atá á leamh ag an aisteoir
  - ar scáileán teilifíse.
- Tar éis dóibh an ghníomhaíocht a chur i gcrích iarr ar na leanaí ar mhaith leo a gcuid oibre a roinnt leis an gcuid eile den rang agus a mhíniú cad iad na fógraí neamhfhollasach a chuir siad san áireamh.
- Cuir i gcuimhne do na leanaí súil a choinneáil amach d'fhógraíocht neamhfhollasacha.




**Gníomhaíocht 5.2**